# Modúl a Sé

# Nótaí do Mhúinteoirí

Tree Council of Ireland

# Modúl a Sé


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ | 1 |
| Modúil 1-3 Ábhair na mbileog oibre | 2 |
| Modúil 4-6 Ábhair na mbileog oibre | 3 |
| MODÚL 1 | |
| Bileoga Oibre 1-4 Codanna an chrainn | 4 |
| Bileoga Oibre 5-10 Torthaí agis síolta | 5 |
| Ag cur síolta | 5 |
| Bileoga Oibre 11-13 Crainn mar bhailte | 7 |
| Bileoga Oibre 14-18 Dánta agus gearrscéalta ón am fadó | 8 |
| MODÚL 2 | |
| Bileoga Oibre 1-3 Codanna an chrainn | 9 |
| Bileoga Oibre 4-7 Torthaí agus síolta | 10 |
| Bileoga Oibre 8-9 Biashlabhraí | 11 |
| Bileoga Oibre 10-13 Gníomhaíochtaí Praiticiúla | 12 |
| MODÚL 3 | |
| Bileoga Oibre 1,5,6,8,9 Cén rud é crann – Cineálacha crann | 13 |
| Bileoga Oibre 2-4 Conas mar a mhaireann crann | 14 |
| Bileoga Oibre 7,10-12 Ag fás ó shíolta | 15 |
| Bileoga Oibre 13-17 Crainn mar ghnáthóga | 16 |
| Bileoga Oibre 18-20 An úsáid a bhaineann an duine as crainn | 17 |
| Bileog Oibre 25 Suirbhé ar chrann | 18 |


Tree Council of Ireland

# Modúl a Sé


| MODÚL 4 | |
|---|---|
| Bileoga Oibre 1-9,16 Buneolas faoi choillearnach | 19 |
| Bileoga Oibre 10-12 Pailniú | 20 |
| Bileoga Oibre 13-15 Conas mar a oibríonn crann | 21 |
| Bileoga Oibre 17-19 Athchúrsáil | 22 |
| Bileoga Oibre 20-26 Caomhnú. | 23 |
| Bileoga Oibre 27-31 Obair allamuigh | 24 |
| Bileoga Oibre 33-44 Logainmneacha | 25 |
| MODÚL 5 | |
| Eolas Breise | 26 |


Tree Council of Ireland

# Nótaí do Mhúinteoirí

## Réamhrá

Trí athbhreithniú ar churaclam na Bunscoile i 1999 tugadh isteach curaclam, a chuirfidh taithí iomlánaíoch ar fáil don leanbh. Spreagtar múinteoirí chun féidireachtaí d'foghlaim chomhtháithe a aithint. Leis an aidhm seo san áireamh, cuireann an lámhleabhar seo ar chrainn ábhar i láthair a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de na réimsí curaclaim seo a leanas – Eolaíocht, Béarla, Tíreolas agus Stair.

Baineann an lámhleabhar seo feidhm as staidéar ar chrainn chun leanaí a mhúineadh conas an timpeallacht nádúrtha ina maireann siad a thuiscint agus chun meas a bheith acu ar a n-oidhreacht áitiúil.

## Aidhmeanna

Cothófar na buanna seo a leanas sna mic léinn a ghlacfaidh páirt sa tionscadal seo ar Chrainn:

- Suim i gcrainn
- Fiosracht faoi chrainn agus faoi choillearnacha trí iniúchadh agus staidéar
- Eolas agus tuiscint ar nithe beo agus an timpeallacht ina maireann siad
- Tuiscint ar an tslí ina mbíonn an-chuid nithe beo spleách ar a chéile
- Cur chuige eolaíochta d'foghlaim
- Bealaí chun scileanna agus eolas eolaíochta a úsáid agus a chur i bhfeidhm
- Scileanna a chabhraíonn leo grinnithe a thaifeadadh agus a chur in iúl
- Mian chun bheith páirteach i ndíospóireacht ar shaincheisteanna timpeallachta
- Dúil chun iniúchadh a dhéanamh ar na torthaí imshaoil a thagann de bharr gníomhaíochtaí daonna i leith na timpeallachta nádúrtha
- Meas áirithe ar chrainn mar inspreagadh d'fhilíocht
- Feasacht ar thionchar chrainn sa tírdhreach agus a dtábhacht i logainmneacha

## Cuir i láthair

Cuirtear na hábhair i láthair ar dhlúth-dhiosca Rom le leagan amach de Bhuileog Oibre ceaptha le haghaidh úsáide ag na leanaí féin. Tá cúig mhodúl sa tionscadal le hábhair atá oiriúnach do:

1. Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha
2. An Chéad agus an Dara Rang
3. An Tríú agus an Ceathrú Rang
4. An Cúigiú agus an Séú Rang
5. Eolas Breise faoi Chrainn

Tá gach modúl curtha i láthair mar aonad iomlán. Is féidir le rang tabhairt faoi staidéar crann sa mhodúl atá leagtha amach don rang sin nó ag leibhéal oiriúnach eile. Moltar go ndéanfaí staidéar san ord atá tugtha. Níl aon athrá ar na hábhair. Déantar iad a chur chun cinn agus a leathnú, de réir mar a bhíonn na daltaí atá rannpháirteach ag dul ar aghaidh go dtí ábhair atá ceaptha do ranganna níos sinsearaí.



Tree Council of Ireland

# Modúil - Ábhair sna Bileoga Oibre

## Modúl 1
## Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

Codanna an Chrainn – Bileoga Oibre 1-4
Torthaí agus Síolta – Bileoga Oibre 5-10
Crainn mar Bhailte – Bileoga Oibre 11-13
Dánta – Bileog Oibre 14
Scéalta ón am fadó – Bileoga Oibre 15-17
Gníomhaíochtaí Praiticiúla – Bileog Oibre 18

## Modúl 2
## Ranganna a haon agus a dó

Codanna an Chrainn – Bileoga Oibre 1-3
Torthaí agus Síolta – Bileoga Oibre 4-7
Biashlabhraí – Bileoga Oibre 8-9
Gníomhaíochta Praiticiúla – Bileoga Oibre 10-13

## Modúl 3
## Ranganna a trí agus a ceathair

Eolas faoi struchtúr crainn – Bileoga Oibre 1-2
Obair Phraiticiúil – Bileoga Oibre 3-4
Cineálacha Crann – Bileoga Oibre 5-6
Síolta – Bileog Oibre 7
Turas Dúlra – Bileoga Oibre 8-9
Gníomhaíochtaí Praiticiúla Breise – Bileoga Oibre 10-12
Crainn agus an Fiadhúlra – Bileoga Oibre 13-16
Biashlabhraí – Bileog Oibre 17
Mar a úsáideann Daoine Crainn – Bileoga Oibre 18-20
Cuardach Focal Agus Crosfhocal – Bileoga Oibre 21-22
Suirbhé ar chrainn i bhfearann na scoile – Bileog Oibre 23

# Modúil - Ábhair sna Bileoga Oibre

## Modúl 4
## Ranganna a cúig agus a sé - Bileoga Oibre 1-9

Coillearnach – Bileoga Oibre 1-9
Pailniú – Bileoga Oibre 10-12
Tástálacha Eolaíochta Praiticiúla – Bileoga Oibre 13-15
Iomaíocht agus Oiriúnú i gCoillearnach – Bileog Oibre 16
Athchúrsáil Chothaitheach – Bileoga Oibre 17-19
Caomhnú Crann agus Coillearnaí – Bileoga Oibre 20-22
Crainn i gComhthéacs Domhanda – Bileoga Oibre 23-24
Bia ó Phlandaí – Bileog Oibre 25
Ag Cur Crann – Bileog Oibre 26
Turas Dúlra ar Choillearnach – Bileoga Oibre 27-30
Déan Conair Dhúlra – Bileog Oibre 31
Luíonn áit le do dhúchas – Bileoga Oibre 33-38
Crainn agus Logainmneacha – Bileoga Oibre 39-44

## Modúl 5
## A thuilleadh faoi Chrainn: Ceachtanna agus Bileoga Oibre Breise do Ranganna Sinsearacha

An fáth go gcuirtear crainn – Bileog Oibre 2
Duilleoga – Bileog Oibre 3
Nathanna Cainte a bhaineann le crainn – Bileog Oibre 4
Crainn sa Bhéaloideas – Bileog Oibre 5
Logainmneacha a bhaineann le crainn – Bileog Oibre 6
Sloinnte a bhaineann le crainn – Bileog Oibre 7
Crainn agus Filíocht – Bileoga Oibre 8-12
Crainn mar Shuímh do phlandaí eile – Bileoga 13-14
Foraoiseacht in Éirinn – Bileog Oibre 15
Crainn mar phictiúr den saol fadó – Bileog Oibre 16
Aibítir na gCrann – Bileog Oibre 17
Tástálacha Eolaíochta Praiticiúla Eile – Bileoga 19-36
Crainn do Bheacha – Bileoga Oibre 37-42
Tábhacht na gCrann in Éirinn fadó – Bileoga Oibre 42-46

# Modúl 1 -
# Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

## Bileoga Oibre 1-4 Codanna an Chrainn

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Ceistiú, Taifeadadh

### Coincheap:
Tá codanna difriúla ag crainn faoi thalamh agus os a chionn, agus a gcuid ainmneacha féin acu go leir.

### Eolas mar chúlra:
Cuireann an tsraith seo de bhileoga oibre crainn in aithne do leanaí. Dírítear aire ar chodanna an chrainn agus is gá don leanbh féachaint ar an gcuid agus an t-ainm ceart a roghnú ón liosta focal. Déanann na bileoga oibre seo ceangal idir aithint focal ar thaobh amháin agus an t-eolas cuí ar ainm gach coda ar an taobh eile.

### Acmhainn í
Bileoga Oibre 1,2,3 agus 4

### Modheolaíocht
D'fhéadfadh ceacht tosú le féachaint amach an fhuinneog ar chrann i bhfaiche na scoile nó i bhfad uainn...........................................*Réamhrá*

### Réamhrá
D'fhéadfadh plé díriú ar dhath an chrainn, cad a thugann an dath sin dó, an áit a bhfuil duilleoga ar an gcrann, cad a choimeádann suas é, conas mar a sheasann sé díreach sa talamh.....*Breathnú.*

Ba cheart na leanaí a spreagadh chun an rogha focal sa liosta focal a léamh agus an ceann ceart a scríobh isteach go cúramach i ngach bosca. .........................................................*Taifeadadh.*

### Leathnú ar ábhair
Ba cheart leanaí a spreagadh chun a gcuid líníochta a dhathú. D'fhéadfaí leanaí a thabhairt lasmuigh chun crann i bhfaiche na scoile a scrúdú. Mura dtarlaíonn sin d'fhéadfadh an múinteoir craobhóga a thabhairt isteach le bachlóga, duilleoga agus síolta i dtreo gur féidir leis na leanaí roinnt de na codanna a fheiscint dóibh féin. D'fhéadfadh leanaí na duilleoga a phreasáil chun úsáide ina gcuid oibre ealaíne.

### Sábháilteacht
Bí cúramach nuair a thógtar leanaí amach faoin aer – ag féachaint chuige go bhfuil éadaí agus bróga oiriúnacha orthu agus go bhfanann siad go léir le chéile. Cinntigh go dtuigeann siad gur ceacht é seo – agus ní am súgartha.

### Nascadh:
Bearla: Cumas agus muinín in úsáid teanga; léitheoireacht: scileanna agus straitéisí a fhorbairt. Scríbneoireacht: cumas agus muinín a fhorbairt agus an cumas chun scríobh as a stuaim féin.

### Mata:
Comhaireamh; Uimhreacha á scríobh.

# Modúl 1 - Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

## Bileoga Oibre 5-10 Torthaí agus Síolta

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Taifeadadh, Iniúchadh agus Tástáil

### Coincheap:
Tá cineálacha éagsúla de torthaí agus síolta ann – sa chás seo úll, castán agus dearcán.

### Eolas mar chúlra:
Tugann an tsraith seo isteach dhá chnó agus toradh go dtí na leanaí. Is iad na cnónna ná síolta an chrainn darach agus an chnó chapaill. Fásfaidh crainn nua trí na cinn seo a chur. Tá síolta an chrainn úll lastigh den úll agus ní mór é a ghearradh chun go bhfeicfear iad. Tá siad bán nuair nach bhfuil siad aibí, agus donn agus iad aibí. Mar an gcéanna leis an gcastán. Bíonn siad aibí nuair a bhíonn siad donn ar fad. Cuireann na trí cinn seo bia ar fail do mhamaigh, éin agus feithidí.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 5, 6, 7, 8, 9 agus 10

### Modheolaíocht
Ba cheart do mhúinteoir sampla de gach ceann acu seo a thabhairt isteach sa seomra ranga chun gur feidir leis na daltaí iad a fheiscint dóibh féin. ............................................................*Réamhrá.*

Ba cheart cuma, dath agus comhdhéanamh na n-ábhar a phlé........................................*Breathú.*

Cá bhfuil síolta an úill? Cad a itheann síolta agus torthaí?...................................................*Ceistiú.*

Ba cheart leanaí a spreagadh chun an rogha focal atá tugtha a léamh agus an ceann ceart a scríobh isteach go cúramach i ngach spás.....*Taifeadadh.*

Taispeáin go bhfásann na duilleoga ar Bhileog Oibre 5 agus 6 ar chrann úll agus na cinn ar Bhileog Oibre 9 ar an gcrann darach...*Breathnú.*

Cuireann leanaí na síolta agus bionn siad ag súil lena bpéacadh agus lena bhfás. .......................................*Iniúchadh agus Tástáil*.

### Leathnú ar ábhair
Ba choir leanaí a spreagadh chun a gcuid líníochta a dhathú. Scrúdaigh leabhair agus póstaeir le haghaidh na ndathanna cearta don scréachóg choille agus don iora (is iad na hioraithe liatha amháin a itheann dearcáin – ní itheann na cinn rua iad ar chor ar bith).

D'fhéadfaí leanaí a spreagadh chun castáin a bhailiú. Ba choir iad a ghríosú úll a thabhairt ar scoil don lón agus líon na síolta ann a chomhaireamh, sula n-itheann siad é.

### Sábháilteacht
Ba cheart don mhúinteoir na húlla a ghearradh in dhá leath.

### Nascadh:
Béarla: Cumas agus muinín in úsáid teanga; léitheoireacht: scileanna agus straitéisí a fhorbairt. Scríbhneoireacht: cumas agus muinín a fhorbairt agus an cumas chun scríobh as a stuaim féin.

# Ag cur síolta

Ag cur síolta a fuarthas le linn na hoibre praiticiúla ar thorthaí.

## Beidh na nithe seo uait..

Síolta úll, castáin nó dearcáin


Múirín potaithe nó múirín gairdín (gan aon mhóin ann más féidir chun ár bportaigh a shábháil!)

Gaineamh gairneoireachta


Potaí bláthanna 15 cm ar leithead (tá cartáin bhainne d'aon litir oiriúnach freisin de bhrí go bhfuil siad bith-indíghrádaithe)

Lipéid

## Modh



- Má tá cartáin bhainne á n-úsáid, nigh iad agus cuir poill ina mbun.
- Cuir 3 cm gainimh i mbun an tsoithigh.
- Líon go barr é le múirín potaithe nó múirín ón ngairdín. Déan iad a mheascadh go maith.
- Cuirtear síol amháin i ngach soitheach go dtí a dhoimhneacht féin.
- Cuirtear lipéad ar na potaí ansin (ceann do gach leanbh go hidéalach) agus cuirtear iad ar leac fuinneoige ag féachaint ó thuaidh nó lasmuigh in áit nach mbíonn aon sioc ann. Má fhágtar lasmuigh iad, clúdaigh le plaisteach chun lucha a choimeád uathu.
- Coimeádtar an múirín tais le linn an gheimhridh agus suas go dtí mí an Mhárta ina dhiaidh sin.
- Is féidir na cartáin a thabhairt isteach sa rang ansin chun gur féidir leis na leanaí na plandaí a fheiscint ag fás.






Tree Council of Ireland

# Modúl 1 -
# Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

## Bileoga Oibre 11-13 Crainn mar Bhailte


### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Réamh-mheasúnú, Taifeadadh

### Coincheap:
Tugtar isteach an smaoineamh maidir le comhspleáchas sa tsraith seo de bhileoga oibre. Is féidir le héin neadacha a dhéanamh agus bia a fháil i gcrainn.

### Eolas mar chúlra:
Déanann éin neadacha i gcrainn, beireann siad uibheacha agus tógann siad cinn óga iontu. (Nuair a fhágann na héin óga an nead ar a gcéad eitilt ní théann siad ar ais ann riamh arís – mar sin ní baile teaghlaigh é ón uair a mbíonn na cinn óga in ann eitilt). Níl aon amhras ach go mbeidh nead na meaige ar fáil i gceann de na crainn in aice na scoile i gceantair fo-uirbeacha. Is cineál éin an-choitianta iad na lonta dubha (ach leis an gceart a dhéanamh, bíonn a gcuid neadacha folaithe níos fearr ná mar atá sa bhileog oibre!).



Tá an mheaig ar chrann fuinseoige – tabhair na duilleoga faoi deara, agus tá an lon dubh ar chrann darach. Is féidir an chruimh chabáiste



agus an ceilpeadóir a fháil go héasca ar chrainn le duilliúr i mí an Mheithimh agus i Meán Fómhair. (Itheann ceilpeadóirí fásra marbh agus ní théann siad riamh isteach i gcluasa dhaoine).

### Acmhainní
Bileoga Oibre 11, 12 agus 13

### Modheolaíocht
Ba choir don mhúinteoir díospóireacht ranga a thosú mar gheall ar chréatúir a mhaireann i gcrainn agus cén áit a mbeadh cónaí orthu. Féadfaidh na daltaí éin, ioraithe agus go fiú feithidí a lua........................................*Réamhrá*.

Níor mhór an smaoineamh go bhfuil feithidí ann a lua agus plé a dhéanamh ar an bhfíoras go n-itheann na feithidí seo na duilleoga agus na duilleoga marbha mar bhia do na héin.
...............................................*Réamh-mheasúnú*.

Ba choir leanaí a spreagadh chun an rogha focal atá tugtha a léamh agus an ceann ceart a scríobh isteach go cúramach i ngach spas......*Taifeadadh*.

An féidir leo gach crann a aithint ó na duilleoga a bhfuil dathú déanta orthu cheana féin acu i mBileog Oibre 4 agus i mBileog Oibre 9.
............................................................*Breathnú*.



Tree Council of Ireland

### Leathnú ar Ábhair
Ba cheart leanaí a spreagadh chun na dathanna cearta do na héin a roghnú ó phóstaeir ranga nó leabhair. Suíonn lonta dubha idir fhireann agus bhaineann ar na huibheacha. Ba choir daltaí a spreagadh chun faire amach do na héin seo i bhfearann na scoile agus sa bhaile. D'fhéadfaí siúlóid bheag chiúin thart ar fhearann na scoile a dhéanamh chun éin a lorg. Bíonn leanaí a thosaíonn ag dul ar thurais dúlra go luath ina saol i bhfad níos eolaí ar a dtimpeallacht ná na leanaí úd a ghlacann páirt ach go hannamh i ngníomhaíocht den chineál sin.

### Sábháilteacht
Ní ceart do dhaltaí cur isteach ar neadacha éin nó cuairt a thabhairt orthu rómhinic. Tabharfaidh sé le fios cá bhfuil an cró folaigh agus d'fhéadfadh creachadóirí teacht chun na huibheacha nó na gearrchaigh a ithe. Níl aon fhírinne sa scéal go dtréigfidh an t-éan an nead má shéideann duine éigin ar na huibheacha nó méar a ligean orthu – is é an cur isteach ar an nead atá folaithe go cúramach a fhágann oscailte é do naimhde.

### Nascadh:
Bearla: Cumas agus muinín in úsáid teanga; léitheoireacht: scileanna agus straitéisí a fhorbairt; Scríbhneoireacht: cumas agus muinín a fhorbairt agus an cumas chun scríobh as a stuaim féin.

# Modúl 1 -
# Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

## Bileoga Oibre 14-18
## Dánta agus Scéalta ón am fadó

### Snáithe:
Cumais cognaíocha a fhorbairt trí theanga (Béarla).

### Aonad Snáithe:
Obair ó bhéal; Léitheoireacht; Scríbhneoireacht – smaoineamh a shoiléiriu trí scríbhneoireacht.

### Coincheap:
Tá crainn mar ábhar don fhilíocht. Taispeánann scéalta ón am fadó conas mar a bhí crainn tábhachtach i saol na ndaoine.

### Eolas mar chúlra
Luaitear an saileach agus an dair sna dánta agus sna scéalta.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 14, 15, 16, 17 agus 18

### Modheolaíocht:
Léann an múinteoir dánta agus scéalta do dhaltaí agus míníonn sé iad. Féadfaidh na daltaí iad a fhoghlaim de ghlan mheabhair

### Leathnú ar Ábhair:
Ba cheart daltaí a spreagadh chun líníocht a dheanamh chun na scéalta a léiriú mar atá i mBileog Oibre 18.

### Nascadh:
Eolaíocht: Nithe Beo; Plandaí agus Ainmhithe.

# Modúl 2 - Ranganna a hAon agus a Dó

## Bileoga Oibre 1-3 Codanna an Chrainn

**Snáithe:**
Nithe Beo (Eolaíocht)

**Aonad Snáithe:**
Plandaí agus Ainmhithe

**Scileanna:**
Breathnú, Ceistiú, Taifeadadh

**Coincheap**
Tá codanna difrúla ag crainn, faoi thalamh agus os a chionn – agus a gcuid ainmneacha féin acu go léir maille le feidhmeanna sainiúla.

**Eolas mar chúlra**
Tá an tsraith seo de bhileoga oibre mar athdhéanamh ar a bhfuil déanta acu sna Naíonáin. Cuireann sé crainn in aithne do na leanaí. Dírítear ar chodanna an chrainn agus is gá don leanbh féachaint ar an gcuid agus an t-ainm ceart a roghnú ón liosta focal. Nascann na bileoga oibre seo, aithint focal ar thaobh amháin agus an t-eolas féin faoi ainm gach coda ar an taobh eile. Cuirtear ar an eolas iad freisin go bhfuil gnó le déanamh ag gach cuid den chrann.

**Acmhainní:**
Bileoga Oibre 1, 2, agus 3
D'fhéadfaí ceacht a thosú trí féachaint amach an fhuinneog ar chrann i bhfearann na scoile nó i bhfad uain............................................*Reamhra*.

D'fhéadfadh an plé díriú ar dhath an chrainn, cad a thugann an dath sin dó, cá bhfuil na duilleoga ar an gcrann, cad a choimeádann suas é, conas mar a sheasann sé díreach ar an talamh. ............................................................*Breathnú*.

Ba choir na leanaí a spreagadh chun an rogha focal sa liosta focal a léamh agus an ceann ceart a scriobh go cúramach sna spáis atá curtha ar fáil ............................................................*Taifeadh*.

I mbileog oibre 3 is gá an focal i gcló dubh a scríobh ar an line..................................*Taifeadh*.

**Leathnú ar Ábhair**
Ba cheart leanaí a spreagadh chun a gcuid líníochth a dhathú.

D'fhéadfaí leanaí a thabhairt lasmuigh chun crann a scrúdú i bhfearann na scoile. Ba choir na codanna uile atá luaite sna trí bhileog oibre a fheiscint agus a láimhiú chomh fada agus is feidir. Mara dtarlaíonn sin d'fhéadfadh an múinteoir craobhóga a thabhairt isteach le duilleoga agus coirt agus toradh chomh maith sa chaoi gur féidir leis na leanaí roinnt de na codanna a fheiscint dóibh féin. D'fhéadfadh leanaí na duilleoga a phreasáil le haghaidh úsáide ina gcuid obair ealaíne.

**Sábháilteacht**
Bí cúramach nuair a thugtar leanaí lasmuigh go mbíonn éadaí agus bróga oiriúnacha orthu agus go bhfanann siad go léir le chéile. Déan deimhin de go dtuigeann siad go bhfuil ceacht ar siúl – agus ní am súgartha.

**Nascadh:**
Béarla: Cumas agus muinín in úsáid teanga; Léitheoireacht: Forbairt scileanna agus straitéisí. Scríbhneoireacht: Cumas agus muinín a fhorbairt agus an cumas chun scríobh as a stuaim féin.



Tree Council of Ireland

# Modúl 2 - Ranganna a hAon agus a Dó

## Bileoga Oibre 4-7 Torthaí agus Síolta

**Snáithe:**
Nithe Beo

**Aonad Snáithe:**
Plandaí agus Ainmhithe

**Scileanna:**
Breathnú, Réamh-Mheasúnú, Taifeadadh, Iniúchadh agus Tástáil, Patrúin a aithint

**Coincheap:**
Faightear síolta laistigh de thorthaí. Fásann crainn nua uathu. Soláthraíonn siad bia d'ainmhithe a chuireann iad trí thimpiste agus iad á mbailiú acu le haghaidh bia.

**Eolas mar chúlra:**
Leanann an tsraith seo de bhileoga oibre an obair atá déanta acu sna naíonáin. Téitear siar ar an úll agus ar an gcastán agus tugtar isteach an cuileann agus an sceachóir. Tá síolta taobh istigh de thorthaí agus mar sin is toradh é an t-úll agus go teicniúil tá caora an chuilinn agus sceachóirí ar an dul céanna. Is é crotal deilgneach an chastain an toradh ina bhfuil an cnó capaill nó síol laistigh de. Castar an ghráinneog, an luch agus an lon dubh orainn arís agus tugtar isteach an smólach a bhfuil an-dúil aige i gcaora an chuilinn agus i sceachóirí. Tugtar isteach an coincheap maidir le ainmhithe agus éin a beith ag cur síolta. Ní dhéantar tagairt anseo ach do chnónna atá dearmadta ag an scréachóg choille, iora agus lucha. (Clúdaítear scaipeadh caora i rang níos airde). Spreagtar leanaí chun síolta a chur agus tugtar treoracha dóibh féin chun iad a leanúint.

**Acmhainní:**
Bileoga Oibre 1, 2, agus 3. Ba cheart don mhúinteoir úll, cuileann, sceachóir agus cnó capaill ina chrotal deilgneach a thabhairt isteach.

**Modheolaocht:**
D'fhéadfaí tús a chur leis an gceacht trí féachaint ar an ábhar atá curtha ar fáil ag an múinteoir agus cuir leis tríd an síol a aimsiú i ngach cás..........*Réamhrá*.

D'fhéadfadh an plé díriú ar cé is dóichí a d'íosfadh na síolta seo.............................................*Breathnú*.

Cad a tharlódh do shíolta a bailíodh ach nár itheadh?.....................................*Reamh-mheasúnú*.

Ba choir leanaí a spreagadh chun bileoga oibre 4 agus 5 a léamh agus a dhathú agus na focail chearta a chur ina n-ionaid féin.........................*Taifeadadh*.

Ba cheart go mbeidis fein ábalta na treoracha faoi chur síolta i mbileog oibre 6 a leanúint.
.............................................*Iniúchadh agus Tástáil*.

Lig dóibh bileog oibre 7 a léamh tar éis an cheachta agus na héin, ainmhithe agus crainn atá inti a ainmniú i gceart. Ba choir dóibh an t-ainm ceart a scríobh taobh le gach ceann acu.....*Patrun a aithint*.

**Leathnú ar Ábhair**
Ba cheart leanaí a spreagadh chun a gcuid líníochta a dhathú .

D'fhéadfaí leanaí a thabhairt lasmuigh chun crann i bhfearann na scoile a scrúdú. Bheadh an Fómhar thar a bheith oiriúnach mar thráth chuige seo. An bhfuil aon cheann de na crainn seo ag fás i bhfearann na scoile? Cad chuige nach gcuirfí roinnt ann?

**Sábháilteacht**
Bí cúramach nuair a thógtar leanaí lasmuigh go bhfuil éadaí agus bróga oiriúnacha orthu agus go bhfanann siad go léir le chéile. Coiméad súil ar chur na síolta.

**Nascadh:**
Bearla: Cumas agus muinín in úsáid teanga; léitheoireacht: scileanna agus straitéisi a fhorbairt. Scríbhneoireacht: muinín agus cumas a fhorbairt agus an cumas chun scríobh as a stuaim féin.



Tree Council of Ireland

# Modúl 2 - Ranganna a hAon agus a Dó

## Bileoga Oibre 8-9 - Biashlabhra í

### Snáithe:
Nithe Beo

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Réamh-mheasúnú, Taifeadadh

### Coincheap:
Tugtar isteach an smaoineamh i leith biashlabhra anseo.

### Eolas mar chúlra:
Beidh siad tar éis teagmháil leis an smaoineamh maidir le comhspleáchas sna naíonáin. Anseo tugtar an coincheap céim ar aghaidh le biashlabhraí a thabhairt isteach. Níl ach biashlabhra amháin i gceist dáiríre – itheann an t-ainmhí an síol nó an chaor atá mar chuid ar leith den chrann i ngach cás.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 8-9

### Modheolaíocht:
Ba chúir don mhúinteoir plé ranga a thosú faoi conas a d'fhéadfadh na nithe seo a bheith mar bhia d'ainmhithe agus d'éin.................*Réamhrá*.

An mbíonn fiacla ag éin? Mar sin ní mór dóibh a gcuid bia a shlogadh d'aon ailp amháin. Cé acu de na nithe atá beag go leor chun go slogfaí iad? ...............................................*Réamh-Mheasúnú*.

Ní mór nithe atá níos mó a ithe le fiacla. Cé atá i gceist anseo?...........................*Réamh-mheasúnú.*

Déan an dá bhileoig oibre a dhathú agus a líonadh isteach..................................*Taifeadadh*.

### Leathnú ar Ábhar
Ba choir leanaí a spreagadh chun na dathanna cearta a úsáid le haghaidh na n-éan agus na mamach ó phóstaeir ranga agus leabhair. Ba cheart na daltaí a spreagadh chun faire amach do na héin seo i bhfearann na scoile agus sa bhaile.

### Sábháilteacht
Níl aon dhainséir fhollasacha anseo!

### Nascadh:
Béarla: Cumas agus muinín in úsáid teanga; Léitheoireacht: scileanna agus straitéisí a fhorbairt. Scríbhneoireacht: cumas agus muinín a fhorbairt, agus an cumas chun scríobh as a stuaim féin.



Tree Council of Ireland

# Modúl 2 - Ranganna a hAon agus a Dó

## Bileoga 10-13 Gníomhaíochtaí

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Réamh-Mheasúnú, Taifeadadh, Iniúchadh agus Tástáil. Patrúin a aithint, Dearadh agus déanamh, Pleanáil, Déanamh

### Coincheap:
Tá riachtanais áirithe de dhíth ar phlandaí le haghaidh fáis agus gheobhaidh siad bás mura bhfaigheann siad iad.

### Eolas mar chúlra:
Tá obair phraiticiúil atá le déanamh ag na leanaí ar fáil sa tsraith seo de bhileoga oibre. Tá solas, uisce agus aer de dhíth ar phlandaí le haghaidh fáis. Leagamar suíomh amach ar bhileog oibre 10 chun seo a thástáil. Ní mhaireann ach amháin an planda ar leac na fuinneoige. Tá an turas dúlra chuig crann cuíosach mór amháin áit is féidir leis na leanaí eolas a fháil faoi. Tá an dealbh crainn mar chuid den ghníomhaíocht ealaíne don rang.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 10, 11, 12 agus 13. Tá na nithe seo ag teastáil ón múinteoir – 3 phlanda i bpota, mála plaisteach glan, agus bosca a chlúdaíonn an planda go hiomlán ag coimead an tsolais amach.

### Modheolaíocht
D'fhéadfadh ceacht tosú, trí cad a theastaíonn ó phlandaí chun fáis, a phlé.........................*Réamhrá.*

Féadfadh an plé díriú ar cad a tharlódh dá gceilfí na rudaí seo ón bplanda..................*Réamh-mheasúnú.*

D'fhéadfadh an múinteoir an taispeántas a leagan amach le cabhair ó dhaltaí...........................*Tástáil.*

Turas Dúlra chun crann a scrúdú i bhfearann na scoile.......................................................*Iniúchadh*

Bileoga Oibre le líonadh isteach laistigh ina dhiaidh sin.........................................................*Taifeadadh.*

Duilleoga deasa le bailiú do dhealbh crainn. .....................................................*Patrúin a aithint.*

### Leathnú ar Ábhar
**Crann Laistigh**
Cuir do chrann féin chun na hathruithe séasúracha i gcrainn a thabhairt faoi deara laistigh. Tá an crann cnó capaill nó an dair oiriúnach go háirithe chun na críche seo.

### Ag baint feidhme as do chuid céadfaí
Tóg do rang ar shiúlóidí gearra i gceantar crannach. Ba choir go mbeadh sé mar aidhm ag na siúlóidí seo na leanaí a spreagadh chun feidhm a bhaint as a gcéadfaí. D'fhéadfadh turas amháin díriú ar fhuaimeanna difriúla a chloisteáil agus bheith ag éisteacht dóibh, d'fhéadfadh ceann eile díriú ar bholaithe, an triú ceann dírithe ar theagmháil agus comhdhéanamh a iniúchadh, agus ar deireadh báire ar fhéachaint agus ar fheiscint.

### Ábhar do dhealbh crainn
- Cuir na duilleoga idir dhá phíosa de nuachtán agus cuir meáchan orthu. Athraigh an páipéar gach cúpla lá de réir mar a éiríonn sé tais. Triomóidh sé seo na duilleoga.
- Nuair a bíonn na duilleoga tirim, is féidir leat priontáil leo. Chun seo a dhéanamh, cuir péint ar an taobh thíos den duilleog le scuab.
- Brúigh an duilleog anuas ar leathanach páipéir. Ba cheart do gach leanbh a d(h)uilleog féin a ghearradh amach.
- D'fhéadfá crann mór a dhéanamh trí na duilleoga a ghreamú le taos d'imlíne mór de cheannbhrat crainn. D'fhéadfaí an stoc crainn a dhéanamh as cuimilteáin de choirt atá déanta ag na leanaí.

### Sábháilteacht
Bí cúramach nuair a thógtar leanaí lasmuigh go bhfuil éadaí agus bróga oiriúnacha orthu agus go bhfanann siad go leir le chéile

### Nascadh:
Ealaín

# Modúl 3 - Ranganna a Trí agus a Ceathair

## Bileoga Oibre 1,5,6,8 agus 9
## Cad is crann ann - Cineálacha Crann

**Snáithe:**
Nithe Beo (Eolaíocht).

**Aonad Snáithe:**
Plandaí agus ainmhithe.

**Scileanna:**
Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh, Iniúchadh.

**Coincheap:**
Is cinéalacha ar leith plandaí iad crainn, idir chinn dhuillsilteacha agus síorghlasa.

**Eolas Mar Chúlra:**
Féachann na trí bhileog oibre seo ar chrann mar struchtúr de phlanda. Is planda ilbhliantúil é, rud a chiallaíonn go bhfásann sé gach aon bhliain – an fás nua ag cur leis an seanfhás agus ag déanamh an struchtúir ina iomláine níos mó bliain i ndiaidh bliana. Is féidir leat an fás a dhéanann an crann gach aon bhliain a fheiscint ach breathnú ar na fáinní sa stoc. Tá fíochán an chrainn crua agus adhmadach, ar feidir leis tacaíocht a thabhairt don struchtúr ard seo. Ní fhaightear fíochán crua adhmadach den chineál seo sna plandaí bláthanna coitianta. Tá duilleoga móra leathana ag crainn dhuillsilteacha. Reodh siad seo sa gheimhreadh agus gheobhadh an crann bás le duilleoga reoite. Mar sin cailleann na crainn seo a nduilleoga nuair a thagann an Fómhar. Stopann an fás dá bharr agus déanann na crainn mar a bheadh geimhriú go dtí go dtagann an tEarach. Tá duilleoga tanaí ar chuma snáthaide ag crainn síorghlasa agus ní reonn siad. Mar sin ní gá do na crainn seo a nduilleoga a chailliúint nuair a thagann an aimsir fhuar.

**Acmhainní:**
Bileoga Oibre 1,5 agus 6

**Modheolaíocht**
Is fearr an ceacht seo a dheanamh san Fhómhar
D'fhéadfadh an ceacht tosú le féachaint amach an fhuinneog ar chrann i bhfearann na scoile nó i bhfad uainn..........................................................*Réamhrá*

D'fhéadfadh an plé díriú ar a dhuilleoga. Cén sort iad, cén dath atá orthu?.............................*Breathnú.*

Ba cheart leanaí a spreagadh cuaírt a thabhairt ar fhearann na scoile chun a fháil amach cad iad na crainn atá síorghlas agus cad iad atá duillsilteach. Fiú muna bhfuil a n-ainmneacha ar eolas acu, ba chóir go mbeidis ábalta iad a shórtáil in dhá ghrúpa. Cuir i gcuimhne dóibh nach ionann síorghlas agus ainm chrainn ach cuntas ar an gcineál crainn atá ann...............................*Rangú.*

I mbileog 6 is féidir eolas faoin gcrann a roghnaíodh i bhearann na scoile a thaifeadadh ....................................................................*Taifeada*

**Leathnu ar Ábhair**
Turas Dúlra Bileog Oibre 8 agus 9

Ba cheart leanaí a spreagadh féachaint níos faide amach le haghaidh samplaí de chrainn dhuillsilteacha agus síorghlasa. Is féidir sceitseanna a dhéanamh lasmuigh de chruthanna crainn agus d'fhéadfaí bailiúchán de gach grúpa a thabhairt isteach agus a leagan amach ar an mbord dúlra. Ní hamhlaidh go bhfuil na crainn leathanduilleacha duilsilteach i gcónaí (tabhair faoi deara go bhfuil cuileann, labhras, ródaideandrón, caithne agus an dair thoilm síorghlas). Ar an gcuma chéanna is buaircíneach duillsilteach í an learóg.

**Sábháilteacht**
Bí cúramach nuair a thugtar leanaí lasmuigh go bhfuil éadaí agus bróga oiriúnacha orthu agus go bhfanann siad le chéile.

**Nascadh**
Feasacht agus cúram na timpeallachta. Spreagtar na daltaí chun a dtimpeallacht féin a iniúchadh agus iad neamhspleách ar an múinteoir, agus crainn dhuillsilteacha agus síorghlasa a aimsiú agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

.



Tree Council of Ireland

# Modúl 3 - Ranganna a Trí agus a Ceathair

## Bileoga Oibre 2-4 Conas Mar A Mhaireann

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht).

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus ainmhithe.

### Scileanna
Breathnú, Ceistiú, Taifeadadh, Táistail.

### Coincheap:
Tá riachtanais shainiúla ag crainn chun bheith ábalta fás.

### Eolas Mar Chúlra:
Baineann crann feidhm as a dhuilleoga chun a chuid bia a dhéanamh. Is éard a dhéanann na duilleoga ná carbón a bhaint ón $CO_2$ san aer agus é a chur i dtaisce mar fhíochán sna cillbhallaí. Ní féidir leis na duilleoga é seo a dhéanamh ach amháin sa solas mar baineann siad feidhm as solas na gréine mar fhuinneamh chuige seo. Téann uisce isteach i gcrann agus go fiú in aon phlanda ach amháin trína fhréamhacha. Gluaiseann an t-uisce seo suas an crann ó na fréamhacha suas tríd an stoc isteach sna duilleoga. Tugann bileoga Oibre 3 agus 4 sonrai faoi thástálacha ar féidir leat a dhéanamh leis na daltaí sa rang chun na fíorais seo a léiriú.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 2, 3, agus 4. Beidh plandaí folláine uait freisin le haghaidh tástála – abair 4 phlanda prátaí nó 4 Busy Lizzies i bpotaí. Beidh mála dubh plaisteach uait freisin.

### Modheolaíocht
D'fhéadfadh ceacht tosú trí phlé a dhéanamh ar conas mar a fhásann crann. Tosaíonn sé mar shíol an dearcáin ina bhfuil meáchan de thart ar 10 gram agus fásann sé go dtí crann darach ina bhfuil meáchan de go leor tonaí. Cad as a thagann an t-ábhar seo go léir? ………..*Réamhrá*

Luafaidh leanaí an ithir (dá mbeadh seo fíor bheadh poll thart ar bhun an chrainn áit ar deineadh crann den ithir) – luafaidh siad an ghrian ach dá rachadh, píosa den ghrian isteach i ngach aon chrann dhéanfaí an ghrian a laghdú. Luafaidh siad báisteach ach cé go bhfuil uisce de dhíth ar chrann níl sé déanta as uisce go hiomlán. Mar sin ní mór don aer a bheith i gceist – an $CO_2$ san aer chun a bheith cruinn................*Breathnú*.

Nuair a dhéantar na tástálacha atá leagtha amach i Modúl 3, taispeánfar go bhfuil solas agus uisce riachtanach don fhás seo – ar a dtugtar fótaisintéis..............................................*Tástáil*.

Is féidir na torthaí a scríobh isteach i mBileoga oibre 3 agus 4...................................*Taifeadadh*.

### Leathnú Ar Ábhair
Ba chóir leanaí a spreagadh chun a oibriú amach conas a thaispeánfá go beacht go nglacann crann uisce isteach trína fhréamhacha agus ní in aon áit eile nó go mbíonn aer de dhíth uaidh le haghaidh fáis.

### Sábháilteacht
Bí cúramach le málaí plaisteacha agus leis an scian nuair a bhíonn na plandaí á ngearradh agat.

### Nascadh:
Béarla: cumas agus muinín i léamh na bileoige oibre agus treoracha a leanúint.



Tree Council of Ireland

# Modúl 3 - Ranganna a Trí agus a Ceathair

## Bileoga Oibre 7, 10, 11, 12 - Fás ó shíolta

Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht).

Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe.

Scileanna:
Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh.

Coincheap:
Ní mór do shíolta éalú ón gcrann bunaidh chun go mbeidh spás agus solas ann dóibh le haghaidh péacaithe.

Eolas Mar Chúlra:
I dtreo is gur féidir le péacadh tarlú ní mór do shíolta éalú i bhfad ón gcrann bunaidh. Go bunúsach tá dhá straitéis ann – scaipeadh le gaoth agus scaipeadh trí ainmhithe. Séidtear síolta le heiteoga ag an ngaoth. Cuimsíonn síolta mar iad seiceamar, fuinseog, teile agus na síolta go léir i mbuaircíní na gcónaiféar a bhfuil eiteog amháin ceangailte le gach aon síol sa bhuaircín. Is féidir le hainmhithe síolta a scaipeadh in dhá shlí. Is féidir le héin caora a ithe agus tagann an chloch chrua slán ón turas tríd a gcorp, agus eiscréidtear é. Fásann crann nua ón mbualtrach. Is samplaí díobh seo caora an troim, sceachóirí, cuileann, sméara dubha, airní agus araile. Ar an taobh eile, ní thagann cnónna mar an collchnó slán ón turas tríd an iora rua agus tagann crainn coill nó crainn darach nua ó chnónna a leagtar síos, a chuirtear sa chré nó a dhearmadtar ag ainmhithe mar lucha, ioraithe, rúcaigh agus scréachóga coille.

Acmhainní:
Bileog Oibre 7. Síolta agus Cnónna an Fhómhair.

### Modheolaíocht

D'fhéadfadh ceacht tosú trí phlé a dhéanamh faoi conas a fhásann crainn, cad atá de dhíth ar shíolta chun fáis agus a n-éireodh leo na riachtanais seo a bhaint amach dá dtitfidis ar an talamh díreach faoin gcrann.........................................*Réamhrá*

D'fhéadfadh an plé díriú ar na síolta, cnónna agus caora ar an mbord dúlra agus a dhéanamh amach conas mar a d'éalódh gach ceann acu ón gcrann bunaidh. D'fhéadfaí iad a shórtáil i ngrúpaí ag brath ar conas mar a scaiptear iad....................................*Breathnú agus Rangú.*

Ba chóir leanaí a spreagadh chun síolta a thabhairt isteach dóibh féin agus iad a rangú sa ghrúpa ceart......................................*Taifeadadh.*

### Leathnú Ar Ábhair

Ba choir leanaí a spreagadh chun roinnt de na síolta atá bailithe acu a chur. Lean na treoracha atá tugtha i mBileoga Oibre 10, 11 agus 12.

### Sábháilteacht

Bí cúramach nach n-itheann na leanaí síolta nó caora atá nimhiúil.

### Nascadh:

Feasacht agus cúram i leith na timpeallachta. Conas is féidir crainn a bheith bunaithe muna bhfuil aon éin nó mhamaigh ann chun na síolta a scaipeadh? Tá ainmhithe riachtanach i saol na gcrann.



Tree Council of Ireland

# Modúl 3 - Ranganna a Trí agus a Ceathair

## Bileoga Oibre 13, 14, 15, 16 agus 17
## Crainn mar Ghnáthóga

**Snáithe**:
Nithe Beo (Eolaíocht)

**Aonad Snáithe:**
Plandaí agus Ainmhithe

**Scileanna:**
Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh

**Coincheap:**
Tá crainn mar bhailte don bheatha ainmhíoch

**Eolas mar chúlra:**
Baineann éin, mamaigh agus feithidí feidhm as crainn ar thrí chúis bia, bailte agus áiteanna le haghaidh codlata. Ainmhithe a itheann codanna den chrainn – sé sin na duilleoga nó an choirt, is féaritigh iad. Tugann ainmhithe eile cuairt ar na crainn chun na féaritigh seo a ithe – seo iad na carnabhóiri. Tugtar samplaí díobh seo sna bileoga oíbre. Gníomhaíonn codanna éagsúla den chrann mar bhailte – na craobhacha, scoilteanna sa choirt, poill sa stoc. Bailíonn éin isteach sna crainn go minic chun an oíche a caitheamh iontu, go háirithe sa Gheimhreadh. Déanann biashlabhra liosta de na comhpáirteanna éagsula – Duilleog na darach – bolb – spideog nó dearcán – luch, ulchabhán nó sméar dubh, Londubh, Spioróg. Is feidir leanaí a spreagadh chun biashlabhraí dá gcuid féin a cheapadh ag tosú le cuid de chrann.

**Acmhainní:**
Bileoga Oibre 13-17

**Modheolaíocht**
D'fhéadfadh an ceacht tosú trí phlé a dhéanamh faoi conas mar a úsáideann ainmhithe crainn. Cad a dhéanann siad feadh an lae, cén áit a gcaitheann ainmhithe a gcuid ama? .....*Réamhrá.*

D'fhéadfadh an plé díriú ar cad a itheann ainmhithe agus cad iad codanna an chrainn a úsáidtear mar bhia. Cé itheann an bia seo? An bhfuil siad san ar ball mar bhia d'ainmhithe eile? Tá féaritigh agus feoilitigh araon imeasc na n-éan, na mamach agus na bhfeithidí. Cinntigh go roghaíonn tú ainm ó gach grúpa. ..........................................*Breathnú agus Rangú*

Ba choir leanaí a spreagadh chun an bhileog oibre faoin mbiashlabhra a líonadh isteach dóibh féin.......................................................*Taifeadh.*

**Leathnú ar Ábhair**
Ba choir leanaí a spreagadh chun roinnt de na hainmhithe seo a lorg thart ar na crainn i bhfearann na scoile.

**Sábháilteacht**
Bí cúramach nach n-itheann leanaí síolta nó caora atá nimhiúil.

**Nascadh:**
Feasacht agus cúram i leith na timpeallachta. Trí chrainn a bheith ar fáil i gceantar, is féidir le héagsulacht mhór den fhiabheatha a beith ann. Nuair a bhaintear na crainn amach, imíonn na hainmhithe in éag freisin. Tá crainn riachtanach d'éagsúlacht bhitheolaíoch.



Tree Council of Ireland

# Modúl 3 - Ranganna a Trí agus a Ceathair

## Bileoga Oibre 18, 19, 20
## An úsáid a bhaineann an duine as crainn

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe, Ábhair

### Scileanna:
Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh

### Coincheap:
Ta crainn úsáideach dúinn go praiticiúil inár ngnáthshaol.

### Eolas mar chúlra:
Pléitear an t-adhmad féin agus iarrtar ar dhaltaí nithe a dhéantar as adhmad a thabhairt faoi deara. Os rud é go dtagann adhmad asrud beo ní mhaireann sé go brách agus mar sin cuireadh athsholáthairtí mar phlaisteach ar fáil do. Déan deimhin de gur féidir leisna daltaí an difríocht idir deasc déanta as fíor adhmad agus ceann déanta as formica a aithint. Tá crainn mar amhábhair freisin do tháirgí eile mar pháipear, ruibéar, tuirpintín, mailp na síoróipe. Iarr orthu na rudaí seo a lua i dtús báire sula dtugtar amach na bileoga oibre. Féadfaidh siad táirgí eile a dhéantar as crainn a lua.

### Acmhainn í
Bileoga Oibre 18, 19, 20

### Modheolaíocht
D'fhéadfadh an ceacht tosú le plé a dhéanamh ar cé chomh húsáideach atá crainn dúinn inár saol. ............................................................*Réamhrá.*

D'fhéadfadh an plé díriú ar adhmad agus nithe a deineadh as adhmad sa seomra ranga. Conas a bheidh fhios agat go bhfuil bréagadhmad i gceist i rud éigin? .......................*Breathnú agus Rangú.*

Dean machnamh ar thréithe na dtáirgí seo, preabadacht, neart, claonadh chun lobhadh nó neart a chailliúnt agus iad fliuch. D'fhéadfá tástáil a dhéanamh le samplaí chun iad a scrúdú sé sin páipéar fliuch agus tirim, liathróid ruibéir i gcoinne cinn déanta as plaisteach. D'fhéadfadh na leanaí féin tástálacha a cheapadh. ..........................................................*Taifeadadh.*

### Leathnú ar Ábhair
Bileoga Oibre 21 agus 22

Is feidir iad seo a thabhairt do leanaí mar shlí thaitneamhach chun a gcuid eolais a thástáil ag deireadh shraith de cheachtann ar chrainn.

### Nascadh:
Eolaíocht agus an Timpeallacht. Tugann an ceacht seo deis do na leanaí a fheiscint conas mar a chabhraigh eolaíocht agus teicneolaíocht go dearfach leis an tsochaí.

# Modúl 3 - Ranganna a Trí agus a Ceathair

## Bileog Oibre 23 - Suirbhé ar Chrann

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe, Aire a thabhairt don Timpeallacht

### Scileanna:
Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh

### Coincheap:
Aimsigh agus dean léarscáil de na crainn i bhfearann na scoile

### Eolas mar chúlra:
Is í aidhm an cheachta seo ná feasacht na ndaltaí i leith a gcuid timpeallachta a mhéadú. Trí dhul amach chun na crainn sa bhfearann a aimsiú agus léarscáil a dhéanamh díobh, bíonn siad eolach ar na crainn atá curtha, ar na crainn sna fáil agus go deimhin cé acu an bhfuil nó nach bhfuil go leor (nó aon) crann i dtimpeallacht na scoile

### Acmhainní:
Bileog 23 Léarscail d'fhearann na scoile – ar a ndéantar léarscáil de na crainn

### Modheolaíocht:
D'fhéadfadh an ceacht tosú féachaint an bhfuil crainn i bhfearann na scoile, cén áit a d'fhéadfaidis a bheith agus cé acu an bhfuil sé go maith nó nach bhfuil iad a bhéith ann...*Réamhrá.*

D'fhéadfadh an plé díriú ar conas a d'fhéadfaí na crainn seo a thaifeadadh – liosta, lipéid ar na crainn, léarscáil agus iad go leir marcáilte isteach inti?

### Breathnú agus Rangú
Tá an chuid is mó den eolas i léarscáileanna agus d'fhéadfaí iad seo a thabhairt do dhaoine eile ag taispeáint cá bhfuil crainn na scoile. As baint feidhme as an léarscáil bhunaidh atá curtha ar fáil ag an múinteoir ag an bpointe seo (nó go deimhin í tarraingthe ag na daltaí le linn ceachta tíreolaíochta) aimsíonn an rang na crainn i bhfearann na scoile agus marcáileann siad isteach iad. Má bíonn lipéad le huimhreacha ar na crainn, féadfar na huimhreacha seo a chur ar an léarscail. Is feidir na crainn a aithint níos déanaí – níl sé riachtanach a beith ar an eolas faoi ainmneacha na gcrann chun iad a chur ar an léarscáil.............................................*Taifeadadh*

### Leathnú ar Ábhair
Is féidir leis na daltaí feidhm a bhaint as leabhair, freagraí nó fiú an idirlíon chun crainn nach bhfuil ar eolas acu a aithint.

### Nascadh:
Tíreolas – Léarscáileanna agus scileanna tíreolaíochta. – An timpeallacht nádúrtha áitiúil.



Tree Council of Ireland

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 1-9, 16 Réamh-obair faoi Choillearnach

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh, Iniúchadh

### Coincheap:
Is gnáthóg dhúchasach í an choillearnach do phlandaí agus d'ainmhithe.

### Eolas mar chulra:
Tá sé fíorthábhachtach go dtosaíonn an múineadh do thuras dúlra sa seomra ranga, i dtreo go mbeidh fhios ag na daltaí cad tá le teacht agus go mbeidh tascanna sainiúla le dhéanamh acu agus iad amuigh sa pháirc Tá na bileoga oibre ceaptha, chun turas dúlra chuig coillearnach a dhéanamh níos spéisiúla don mhúinteoir agus don dhalta araon. Tá ceithre shraith sa choillearnach ina mbíonn beatha, ceannbhrat, torchiseal, fódchiseal agus easair dhuillí. Tá plandaí agus ainmhithe le scrúdú i ngach sraith díobh. Is féidir le hainmhithe a bheith ina bhféaritigh, feoilitigh nó ina nomnabhóirí. I ndiaidh an turais dúlra, is feidir leis na daltaí biashlabhraí bunaithe ar ghnáthóg na coillearnaí a thógáil. Dáiríre ní mhaireann biashlabhraí leo féin sa nádúr ach go hannamh – tarlaíonn uige choille níos casta. Tugtar sampla de seo i mbileog oibre 8.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 1-8. Coillearnach álainn chun cuairt a thabhairt uirthi ar thuras dúlra. Fearas mar phrócaí, scáthanna báistí chun breith ar fheithidí a leagadh ó chrainn, buidéil shúite (pooters), gloiní formhéadaithe.

### Modheolaíocht:
Is fearr an ceacht seo a dhéanamh sa bhFómhar nó i mBealtaine/Meitheamh

D'fhéadfadh an ceacht tosú le plé sa rang faoi choillearnacha. An bhfuil aon cheann acu ar eolas ag na daltaí – an riabh siad ar chuairt ann, an bhfuil siad duillsilteach nó buaircíneach? ...........*Réamhrá.*

D'fhéadfadh an plé díriú ar na coillearnacha is fearr don fiadhúlra – Coillte duillsilteacha (cén fáth go bhfuil siad níos fearr). Cén áit sna Coillte ina mbeadh na hainmhithe – déan an coincheap faoi shraitheanna sa choillearnach a phlé. Cad a mhairfeadh i ngach aon sraith? Cad a bheadh le n-ithe acu?....................................................*Breathnú*

Conas a d'aimseoidis ainmhithe sa choill? Cén sort fearais a bheadh go maith chun tabhairt ar thuras dúlra?.........................................................*Pleanáil*

Téigh ar an turas dúlra go dtí an choillearnach atá roghnaithe agus féach ar na ceithre shraith i ndiaidh a chéile. Dírigh ar na plandaí a fheiscint ar dtús agus ansin beir ar ainmhithe níos deanaí. Ní beidh ach na hainmhithe á lorg ag na leanaí muna ndéanann tú na plandaí i dtús báire. Ná iarr ar na daltaí taifeadadh agus scríbhneoireacht a dhéanamh ar thuras dúlra. Tá seisiún mínithe ginearálta sa rang ina dhiaidh sin agus an múinteoir ag breacadh síos cad a tharla ar an gclár le cabhair ón rang go léir i bhfad níos fearr mar chleachtadh foghlama agus athbhreithnithe. ...............................................................*Taifeadadh.*

Díríonn Bileog Oibre 16 aire ar an iomaíocht idir specieas i gcoillearnach. Baineann sé le hábhar an bhileog oibre seo a dhéanamh sa rang tar éis filleadh ón turas dúlra.

### Leathnú ar Ábhair:
Na plandaí agus na hainmhithe atá aimsithe acu sna coillte a aimsiú Moltar feidm a bhaint as leabhair, póstaeir agus araile anseo.

### Sábháilteacht:
Bi cúramach nuair a thugtar leanaí lasmuigh go mbíonn éadai agus bróga oiriúnacha orthu, agus go bhfanann siad go léir le chéile. Déan deimhin de go dtuigeann siad go bhfuil ceacht i gceist anseo – agus ní am súgartha.

### Nascadh:
Feasacht agus cúram i leith na timpeallachta. Spreagtar na daltaí chun iniúchadh a dhéanamh ar a dtimpeallacht féin neamhspleách ar an múinteoir agus coillearnacha eile a aimsiú.



Tree Council of Ireland

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 10, 11, 12 - Pailniú

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Céistiú, Rangú, Taifeadadh, Iniúchadh

### Coincheap:
Is iad na bláthanna an chuid síolraithe den chrann mar a tharlaíonn pailniú.

### Eolas mar chulra:
Chun síolta a dhéanamh ní mór don phailin, an chuid fhireann den phlanda, an chuid bhaineann a bhaint amach. Ní féidir leis seo tharlú sa bhláth céanna agus mar sin tá modh éigin de dhíth ar an gcrann chun an phailin a aistriú. Bíonn an crann ag brath ar dhá mhodh bhunúsacha. Is feidir leis séideadh sa ghaoth nó is féidir le feithidí í a aistriú. Tá neachtar le fáil i mbláthanna le peitil agus bolaithe cumhra atá ina bhreab do na feithidí. Tagann feithidí mar fhéileacháin, foichí cuileoga, leamhain agus beacha chun deoch neachtair a fháil agus clúdaítear iad le pailin. De réir mar a bhogann siad ó bhláth go bláth ar thóir a thuilleadh neachtair aistríonn siad an phailin go neamhaireach ó bhláth go bláth agus toirchíonn siad na codanna baineanna. Tá bláthanna cosúil leo seo ag crainn mar an crann cnó capaill, sceach gheal, úll, caorthann agus ag an gcrann silíní. Is bláthanna iad caitíní gan aon pheitil nó neachtar. Séideann an ghaoth an phailin ó na bláthanna seo, agus titeann sí ar chinn eile den speiceas céanna agus toirchíonn sí iad. Tá caitíní ag crainn mar an saileach, an phoibleog, an coll agus an dair.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 10, 11 agus 12

### Modheolaíocht
Is fearr an ceacht seo a dhéanamh san Earrach

D'fhéadfadh an ceacht seo tosú le bláthanna earraigh a phlé. Beidh na daltaí eolach ar lusanna an chromchinn agus ar phlúiríní sneachta ach an mbíonn bláthanna ag crainn?................*Reamhra.*

D'fhéadfadh an plé díriú ar chodanna an bhlátha – cad chuige iad?.................................*Breathnú.*

Ba choir leanaí a spreagadh chun crainn i bhfearann na scoile a scrúdú agus a chinntiú i leabhair faoi cad iad na bláthanna a mbeifí ag siúl leo ar a gcuid crann coitianta áitiúla.........*Rangú.*

Tugann Bileog Oibre 12 sonraí faoin obair phraiticiúil is féidir a dhéanamh le caitíní agus bláthanna crainn eile atá bailithe ag na leanaí. ..........................................................*Taifeadadh.*

### Leathnú ar Ábhair
Stair Áitiúil

Déanann crainn le caitíní na meallta de phailin agus titeann a lán de seo ar an talamh. Má thiteann sé ar phortach déanfar í a chaomhnú go brách. Trí pholl a dhéanamh sa phortach agus an phailin ansin a aithint (anailís pailine) bhí eolaithe in ann a rá conas mar a bhí an fásra in Éireann na mílte bliain ó shin.

### Sábháilteacht
Bí ar an eolas go bhfuil leanaí áirithe ailéirgeach do phailin

### Nascadh
Stair – Staidéar Áitiúil.



Tree Council of Ireland

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 13, 14, 15: Conas mar a oibríonn crann

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Rangú, Taifeadadh, Iniúchadh

### Coincheap:
Teastaíonn solas, teas, uisce agus aer ó chrainn chun go bhfásfaidis.

### Eolas mar chúlra:
Tá an ceacht seo mar athbhreithniú ar cheacht den sort céanna a tugadh do ranganna a trí agus a ceathair. Baineann crann feidhm as a dhuilleoga chun bia a dhéanamh. Is éard a dhéanamh na duilleoga ná carbón a bhaint ón $CO_2$ san aer agus é a chur i dtaisce mar fhíochán in gcuid cillbhallaí. Ní féidir leis na duilleoga é seo a dhéanamh ach amháin sa solas mar baineann siad feidhm as solas na gréine mar fhuinneamh chuige seo. Téann uisce isteach i gcrann agus go fiú in aon phlanda ach amháin trína fhreamhacha. Gluaiseann an t-uisce suas an crann ó na fréamhacha suas tríd an stoc isteach sna duilleoga. Tá teas tábhachtach chomh maith mar oibríonn an próiseas seo i bhfad níos fearr faoi thosca te.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 13, 14, 15. Cúig phlanda prátа agus iad folláin. Mála dubh plaisteach. Próca mór glan le caipín scriú

### Modheolaíocht:
Tosaíonn an ceacht le bileog oibre 13 a leagann amach cad atá i gceist anseo. Tá daltaí chun an hipitéis, go bhfuil aer, solas, uisce agus teas de dhíth ar phlandaí le haghaidh fáis, a thástáil. ............................................................*Réamhrá.*

Tugann Bileog Oibre 13 sonraí faoi cad atá le déanamh le gach ceann de na 5 phlanda prátaí. Ba chóir do na leanaí a phlé cad a bheirfear ag súil a aimseoidh gach tástáil.........*Ceistiú, Tástáil*

Tugann Bileoga Oibre deis do na daltaí cuntas a scríobh faoi torthaí a gcuid tástálacha. ..........................................................*Taifeadadh*

Ba choir na torthaí a phlé agus a thuiscint ina dhiaidh sin sa rang.

### Leathnú ar Ábhair:
Conas mar a léirítear na riachtanais seo atá ag an bplanda san fhásach. Tá foraoiseacha báistí te agus fliuch agus tá mórchuid plandaí acu. Ní chailleann an fhoraois bhuaircíneach a gcuid duilleog riamh mar sin bíonn sé ródhorcha do phlandaí ar bith fás faoi na crainn. Bíonn bláthanna Earraigh go han-luath ag foraoiseacha duillsilteacha nuair a bhíonn solas ann sula dtagann na duilleoga-sé sin go leor cloigíní gorma i mí Aibreáin.

### Sábháilteacht
Bí cúramach le málaí plaisteacha

### Nascadh
Tíreolas – Timpeallachtaí Nádúrtha



Tree Council of Ireland

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 17-19 Athchúrsáil

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe
Scileanna: Breathnú, Ceistiú, Rangú, Taifeadadh, Tástáil

### Coincheap:
Lobhann duilleoga agus go fiú crainn iomlána siar isteach san ithir le cabhair ó mhiocrorgánaigh.

### Eolas mar chúlra:
Titeann duilleoga san Fhómhar agus díscaoiltear iad. Braitheann an dianscaoileadh seo ar orgánaigh bheo. Úsáideann fungais agus baictéir na duilleoga marbha mar bhia agus fásann siad – is iad na duilleoga a bhíonn thíos leis. Tugtar dianscaoileadh ar an bpróiseas beo seo. Tugann na fungais torthaí uathu san Fhómhar ag soláthar beacáin a iompraíonn na spóir shíolraithe faoi na caipíní. Tá ainmhithe áirithe in ann duilleoga marbha a ithe freisin – cláirsigh, mílechosaigh agus péisteanna talún. Is tráth oiriúnach é an Fómhar chun na nithe seo go léir a fheiscint.
Acmhainní: Bileoga Oibre 17, 18, 19. Muisiriúin (Bailithe nó Ceannaithe)

### Modheolaíocht:
Tá an Fómhar oiriúnach mar thráth don cheacht seo.

Tosaíonn an ceacht le plé faoi cad a tharlaíonn do na duilleoga feoite go léir. Cá bhfuil cinn na bliana seo caite? Cad a chiallaíonn lobhadh? ..............................................................*Reamhra*

Déantar an smaoineamh go bhfuil oránaigh bheo freagrach as lobhadh na nduilleog a thabhairt isteach. Iarrtar ar dhaltaí an eol dóibh áiteanna ina bhfuil fungais mhóra ar chrainn le torthaí orthu.Tá ainmhithe páirteach sa phróiseas freisin – cuid den bhiashlabhra dáiríre.................*Ceistiú*

Ba choir do leanaí muisiriúin a bhailiú agus priontaí spóir a dhéanamh de réir Bileog Oibre 19. Is féidir múirín duilliúir a dheanamh freisin i scoileanna le crainn..................................*Tástáil*

### Leathnú ar Ábhair
Ba choir plé a dhéanamh ar áiteanna nach dtarlaíonn dianscaoileadh riamh – reoiteoirí agus barr Shliabh Everest – rófhuar chun go bhfásfadh miocrorgánaigh, portaigh – aigéadach. Bheadh cuairt ar an Músaem ar fheabhas chun coirp an phortaigh a fheiscint agus mura dtarlaíonn sin eolas a aimsiú faoi ar an idirlíon i ríomhaire an tseomra ranga.

### Sábhailteacht
Bí cúramach le muisiriúin, ná blais ceann acu riamh agus nigh na lámha ina dhiaidh sin.

### Nascadh
Tíreolas – Portaigh na hÉireann, Beanna Sléibhe

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 20-26 Caomhnú

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Ceistiú, Réamh-Mheasúnú, Léirmhíniú, Meastóireacht

### Coincheap:
Tá sé tábhachtach ár gcoillearnacha a chaomhnú, go háitiúil agus ar bhonn domhanda araon

### Eolas mar chúlra:
Tá coillearnacha tábhachtach ar bhonn náisiúnta ar mhóran cúiseanna, gnáthóga don fiabheatha, foinsí d'amhábhair, úsáid taitneamhachta, caomhnú ithreach, mianach tírdhreacha. Ar pheirspictíocht dhomhanda braitheann aeráid ar ár bhforaoiseacha. Baineann an fhótaisintéis a dhéanann siad dé-ocsaíd carbóin ón aer agus laghdaítear téamh domhanda. Tagann foraoiseacha báistí roimh an mbáisteach agus coscann siad í ón talamh a bhualadh le neart ag scuabadh ithreach chun siúil.

### Acmhainní:
Bileoga Oibre 20, 21, 22, 23, 24, 25 agus 26. Cruinneog

### Modheolaíocht:
Tosaíonn an ceacht le plé faoi thábhacht na gcoillearnach. Cén fáth go bhfuil siad ag teastáil uainn ar chor ar bith? An bhfuil mórán coillearnach againn in Éirinn?................*Réamhrá*

Is cleachtaí iad Bileoga Oibre 21 agus 22 i dtaca le léarscáiliú ár gcoillearnach. Cá bhfuil siad?
Cá bhfuil na cinn i do chontae? An bhféadfá socrú a dhéanamh cuairt a thabhairt ar choill áitiúil ar thuras dúlra?.........................*Taifeadadh*

Cad faoi foraoiseacha ar scála domhanda. Cé mhéid den domhan atá ag an meánchiorcal? Cá bhfuil ár bhforaoiseacha báistí? Cén fáth go bhfuil siad chomh fíor-thábhachtach sin? .....................................................*Meastóireacht*

Is cleachtadh é Bileog Oibre 25 ar cé mhéid d'ár mbia a thagann ó fhoraois báistí.........*Taifeadadh.*

### Leathnú ar Ábhair
Bileog Oibre 26

Is féidir linn an staid a fheabhsú má chuirimid féin crainn. Insíonn Bileog 26 duit conas tabhairt faoi. Déan machnamh ar chrann a chur do rang na bliana seo de na Naíonáin Shóisearacha. Is féidir leo féachaint air ag fás ar feadh ocht mbliana ar scoil agus beidh úinéireacht an chrainn acu i rith an ama sin

### Sábháilteacht
Bí cúramach agus poill á ndéanamh le spáid.

### Nascadh
Tíreolas – Aeráid



Tree Council of Ireland

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 27-31 Obair Pháirce

### Snáithe:
Nithe Beo (Eolaíocht)

### Aonad Snáithe:
Plandaí agus Ainmhithe

### Scileanna:
Breathnú, Céistiú, Rangú, Taifeadadh, Tástáil

### Coincheap:
Clúdaíonn na bileoga oibre seo turas dúlra go dtí coillearnach, seilg scroblachóireachta (scavenger hunt) á ceapadh le haghaidh úsáide sa choillearnach agus nithe spéisiúla a aimsiú chun cuntas a thabhairt fúthu mar Chonaire Dhúlra.

### Eolas mar chúlra:
Ní mór do dhaltaí an seomra ranga a fhágáil má tá siad chun foghlaim riamh faoina dtimpeallacht nádúrtha. Má tá an paca iomlán seo á leanúint i do scoil beidh na daltaí ag an gcéim seo eolach ar na crainn agus na fálta sceach i bhfearann na scoile agus taithí acu ar bheith ag obair lasmuigh. (Muna bhfuil – is fearr mall ná coíche!). Tá cibé rud atá le déanamh ar an turas dúlra leagtha amach ar Bhileoga Oibre 27, 28 agus 29. D’fheadfadh seilg scroblachóireachta a bheith mar ghníomhaíocht eile lasmuigh. Is féidir leis seo tarlú fiú i bhfearann na scoile agus is sampla é Bileog Oibre 30 a d’fhéadfá a chur in oiriúint do d’fhearann féin. Is ionann conaire dhúlra a dhéanamh agus do ghnáthóg dheas a dhíol le daoine eile, ag cur ar a súile cad atá spéisiúil ann. Is fiú go maith é seo a dhéanamh le daltaí – iarr orthu treoir don cheantar atá roghnaithe acu a cheapadh agus ansin tabhair cuireadh do rang eile (b’fhéidir ó scoil eile fiú) chun a n-áit speisialta a fheiscint.

Acmhainní: Bileoga Oibre 27, 28 agus 29 don Turas Dúlra, 30 – Seilg Scroblachóireachta, 31 – Conaire Dhúlra

### Modheolaíocht:
Ba choir don uile Thuras Dúlra tosú laistigh. Ba choir a insint do dhaltaí cá bhfuil a dtriall, cad atáthar ag súil leis, cén fearas a bheidh uathu agus conas a bhainfidh siad feidhm as. Fanann na trí bhileog oibre laistigh ach feiceann na daltaí iad sula dtéann siad amach sa chaoi go mbíonn fhois acu cad a bheidh le líonadh isteach acu ar ball. Is féidir leis an múinteoir seilg scroblachóireachta a cheapadh le haghaidh úsáide ag rang eile. Déan deimhin de go bhfuil na rudaí atá tú ag iarraidh orthu a aimsiú ar fáil sa cheantar a chlúdaíonn an chonaire. Tá an Chonaire Dhúlra leagtha amach ag na daltaí. Is féidir gur mian leo ceann a dhéanamh d’fhearann na scoile, den pháirc áitiúil, den choillearnach ar thug siad cuairt uirthi. Lig dóibh an cinneadh a dhéanamh. Bíonn an ríomhaire agus an printéir an-áisiúil anseo agus tugtar deis do dhaltaí Ealaíonta a gcuid scileanna a léiriú.

### Sábháilteacht:
Bí cúramach lasmuigh agus cinntigh go bhfuil dóthain cabhrach agat ó aosaigh. Bíonn claonadh ag leanaí a bhíonn gnóthach níos lú pleidhcíochta a dhéanamh, mar sin dean deimhin de go dtugtar go leor oibre le déanamh dóibh sula bhfágann siad an seomra ranga.

### Nascadh:
Feasacht agus Cúram i Leith na Timpeallachta

# Modúl 4 - Ranganna a Cúig agus a Sé

## Bileoga Oibre 33-44 – Logainmneacha

**Snáithe:**
Timpeallacht Dhaonna (Tíreolas)

**Aonad Snáithe:**
Daoine ag maireachtaint agus ar obair sa cheantar áitiúil

**Fo-Aonad:**
Lonnaíocht, Bailte agus foirgnimh eile

**Scileanna:**
Mothú don áit agus do spás

**Coincheap:**
Cuimsíonn Logainmneacha raidhse eolais faoin gceantar. Féachann na ceachtanna seo ar logainmneacha a thagann ó chrainn agus ó choillte.

**Eolas mar chúlra:**
Bhí Éire clúdaithe le coillearnacha nuair a tháinig na céad daoine anseo naoí mile bliain ó shin. Mar sin ní hiontas ar bith é gur úsáideadh crainn agus coillte i logainmneacha. Féachann na bileoga oibre seo ar cad as a tháinig logainmneacha. Fiú amháin in áiteanna nár labhraíodh aon Ghaeilge leis na cianta maireann an teanga fós sna logainmneacha. Tugtar na focail do chrainn agus choillte agus iarrtar ar na daltaí na logainmneacha atá in úsáid ina gceantair a scrúdú, agus macnamh a dhéanamh ar cad as a dtainig siad.

**Acmhainní:**
Bileoga Oibre 33-44
Tá siad seo scríofa chun go mbainfeadh na daltaí féin feidhm astu. Tá an obair seo oiriúnach go háirithe don séú rang, mar is obair í a d'fhéadfaidis féin a dhéanamh fad a bheadh ranganna eile sa seomra á múineadh.

**Modheolaíocht**
Bileoga Oibre 33-36
Tugann na bileoga oibre seo isteach an smaoineamh maidir le seoladh. Oibríonn daltaí ina n-aonair ar a seoltaí fein agus cuireann siad seoltaí an ranga le chéile ar Bhileog Oibre 36.

**Bileoga Oibre 37-38**
Cad is brí le hainm na háite ina chónaíonn tú? Cad as a tháinig an t-ainm. Déanann an dá bhileog oibre seo an scéal a phlé.

**Bileoga Oibre 39-41**
Déantar crainn mar inspreagadh do logainmneacha a phlé anseo agus iarrtar ar dhaltaí na loghainmneacha atá tugtha a oibriú amach.

**Bileoga Oibre 42-44**
Tugtar a thuilleadh eolais faoi úsáid na gcrann i logainmneacha anseo. Baineadh feidhm as na crainn dhúchasacha go léir, a bhí ann nuair a tháinig daoine anseo, i logainmneacha. Cabhróidh sé seo leis na daltaí logainmneacha áitiúla ina bhfuil crainn i gceist a aithint. De réir mar a dhéantar ceantair nua agus eastáit a fhorbairt bíonn gá le logainmneacha nua. Cad a chinntíonn na logainmneacha a thugtar amach anois?

**Leathnú ar Ábhair**
Leabhar Tagartha – "Ainmnigh d'áit –

Logainmneacha – Cuid d'ár nOidhreacht", foilsithe ag Comhlacht Forbartha na Sionainne (01-4145116). Tá raidhsé eolais le fáil faoi logainmneacha na hÉireann sa leabhrán dátheangach seo.

D'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar inspreagadh eile seachas crainn.

**Nascadh**
Gaeilge: Ag úsáid teanga



Tree Council of Ireland

# Modúl 5

Cuimsíonn an modúl seo obair bhreise i réimsí a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar spéise do mhúinteoirí, agus do dhaltaí a bhfuil ardspéis acu ina gcuid oibre agus a chuirfeadh fáilte roimh ábhar breise.

## Eolas Breise

Seo a leanas innéacs den eolas breise atá le fáil i Modúl 5

1 An fáth a gcuirtear Crainn

2 Duilleoga

3 Nathanna faoi Chrainn

4 Crainn sa Bhéaloideas

5 Logainmneacha atá bainteach le Crainn

6 Sloinnte a thagann ó Chrainn

7 Crainn mar Inspreagadh d'Fhilí

8 Crainn san Fhilíocht

9 Crainn mar Shuímh do Phlandaí Eile

10 Foraoiseacht na hÉireann

11 Crainn mar Phictiúir den Am Fadó

12 Aibítir na nCrann

Do mhúinteoirí a bhfuil spiés ar leith acu i gcrainn, cuirtear ábhair bhreise ar fáil i Modúl 5. Tá siad oiriúnach do leanaí i ranganna sinsearacha agus baintear feidhm as cur chuige traschuraclaim.

Baineann Ranna a 3 agus a 8 le crainn agus teanga. Tá leaganacha cainte ag baint feidhme as crainn, dánta ar chrainn agus cumadh dánta faoi chrainn le fáil sna ranna seo.

Deantar stair áitiúil, logainmneacha, sloinnte agus béaloideas atá bainteach le crainn a phlé i Ranna 4, 5 agus 6. Spreagann an obair seo leanaí chun eolas a fháil mar gheall ar ainmneacha agus traidisiúin áitiúla ó dhaoine scothaosta sa cheantar, agus beidh sé sainiúil maidir le suíomh scoile ar leith.

Tá éiceolaíocht bhreise san áireamh i Roinn 9, agus ba choir í seo a léamh sula dtugtar faoi thuras dúlra. D'fhéadfaí an éiceolaíocht bhreise seo a chur san áireamh sa turas dúlra do leanaí a bhfuil spéis acu ann agus atá grinn, nó d'fhéadfadh sé bheith mar ábhair do staidéar ar leith.

Tugann deindeachróineolaíocht léargas ar leith dúinn faoin stair a bhain leis an am fadó. An bhféadfadh Roinn 11 seo a dhéanamh i dtaca le do ranganna staire?

Faoi dheireadh, tugtar eolas faoi Aibítir na gCrann i Roinn 12. D'fhéadfaí feidhm a bhaint as seo mar inspreagadh do rang ealaíne nó chun clúdaigh oiriúnacha a dhéanamh do thionscnamh ar chrainn.

Crainn – Nótaí do Mhúinteoirí – 13.